# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 20 - 26 Meitheamh 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eoghan Ó Cadhla 087-6951318

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 21 Meitheamh ar a 9.00rn**
John Cunningham, Com Dhíneoil agus Corcaigh, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 21 Meitheamh ar a 10.00rn**

**Guí an Phobail**
Joan Uí Chinnéide, An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Pat Ó Sé, An tInbhear Mór agus Baile an Fheirtéaraigh a fuair bás le déanaí.
Bríd Bácaéir, Baile Uachtarach, C.B. agus a hathair Maidhcín Ó Súilleabháin agus a dearthair Tomás, atá ar shlí na fírinne.

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 27 Meitheamh ar a 7.30in**
**Intinn:** Joe Ruiséal, Cill Chuáin, 2ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 28 Meitheamh ar a 10.00rn**
**Intinn:** Máirín Uí Bheaglaoich, Baile an Chaladh, 1ú C.B.

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

**Léachtaí an Lae**
Téigh go catholicireland.net agus cliceáil ar Today's Readings agus ansan cliceáil ar Léachtaí Gaeilge.

Tugann **Chime** tacaíocht do dhaoine go bhfuil an éisteacht ag teip nó teipithe orthu. Beidh clinic saor in aisce acu i Halla na Measarachta, Príomh Shráid sa Daingean, Dé Céadaoin, 24 Meitheamh, idir 12.00 – 2.00in. Glaoigh ar Jerry 087-3747327 chun coinne a dhéanamh.

**Aifrinntí sna Reiligí agus Beannú na nUaigheanna 2026**
Reilig Nua Chill Chuáin, Dé Luain, 22 Meitheamh ar a 7.30in
*Má bhíonn sé fliuch beidh an tAifreann i Séipéal na Carraige!*



**Bailiúchán Speisialta do shagairt atá breoite nó éirithe as**
Beidh bailiúchán speisialta an deireadh seachtaine, **4/5 Iúil** do shagairt atá breoite nó éirithe as. Úsáidtear an t-airgead seo do sagairt sa deoise atá éirithe as tar éis blianta fada ag obair nó dóibh siúd gur theip a sláinte orthu. Tá sagairt na Deoise an-bhuíoch as an dtacaíocht a thugann sibh don gciste seo. Tá clúdaigh sna séipéil don gciste seo.

**Oilithreacht ag Ceann Chiarraí**
Tá oilithreacht á eagrú ag Craobh Chiarraí do Chumann na Sagart go Ceann Chiarraí, Dé Luain, 22 Meitheamh. Tosnóidh an oilithreacht ag Tobar Mhuire, Baile Uí Thaidhg ar a 3.00in, ansan ar aghaidh go Tobar Bheannaithe Naomh Dahillan - Tobar na Súl, ag féachaint amach ar bhéal na Sionnainne. Tabharfar turas ansan ar Shéipéal agus Reilig Naomh Eirc agus Dealbh Cuimhneacháin Mhic Easmhainn mar cheann chúrsa. Beidh an stairí Micheál Ó hAllarmhúin ag ceann na hoilithreachta. Gach eolas: An tAthair Tomás Ó Luanaigh 087-2213799. Fáilte roimh chách.

**Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige**
Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis. Go gcuití Dia go fial le gach duine a thug síntiúis go dtí seo.

**Bailiúchán do Leanaí Chornobyl Idirnáisiúnta**
Beidh bailiúchán ag geataí na sáipéil i nDún Chaoin agus i mBaile an Fheirtéaraigh, an Domhnach seo, 21 Meitheamh ar mhaithe le Leanaí Chornobyl Idirnáisiúnta.

**Domhnach na nAithreacha (21Meitheamh)**
Gach beannacht ar aithreacha ar an lá speisialta seo agus
go mbronna an tAthair síoraí gach beannacht orthu i gconaí.



**Ord an Spioraid Naoimh**
Labharfaidh an tAthair Brendan Carr mar gheall ar obair mhinistéireachta Ord an Spioraid Naoimh, i Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, seo chugainn, 27 Meitheamh ar a 7.30in. Beidh bailiúchán ann tar éis comaoineach.

**Oilithreacht** go Avellino, San Giovanni Rotondo agus Pompeii,
**25 Lúnasa – 1 MeánFómhair.** Stiúrthóir Spioradálta - An tAthair Eoghan.
Gach Eolas ó Ann Fehan 087-2738103.

**Paidir do na Laethanta Saoire**
A Thiarna, go mbaine gach duine taitneamh agus lánsásamh as laethanta saoire an tsamhraidh, agus go raibh d'aingil naofa mar gharda agus cosaint againn i gcónaí agus sinn ag teacht agus ag imeacht.
Tá se de nós ag daoine turas a thabhairt ar lathair bheannaithe i gcaitheamh an tsamhraidh. Mar shampla turas a thabhait ar thobar beannaithe. Eolas breise : An Chomhairle Oidhreachta / Toibreacha Beannaithe in Éirinn

**Oilithreacht na Deoise go Cnoc Mhuire**
Beidh Oilithreacht na Deoise go Cnoc Mhuire ar siúl, 22 Lúnasa. Beidh bus ag dul ón nDaingean má bhíonn suim ag go leor daoine. Gach eolas 066-9151208

**Lá Shan Sheáin (24 Meitheamh)**
Inniu Lá Shan Seáin agus 'sé corplár an tsamhraidh é. Deireadh na seandaoine i gcónaí gurbh é Lá Fhéile' Cros an lá ba shia sa mbliain. Bhí gach éinne cruinn ar cathain a thagadh Lá Shan Sheáin ach ní raibh daoine róchruinn mar gheall ar Lá Fhéil' Cros (20 Meitheamh). Oíche Shan Seáin aréir, b'í Oíche an Tine Chnámh í. . Anois tá Lá Shan Seáin Beag leis ann, sin é an naoú lá fichead agus bhí sé sin ina shaoire fadó agus ní fadó ar fad ab ea é. Lá mór turaiseanna ab ea Lá Shan Seáin Beag agus is dóigh liom gu'b é an lá a théidís go barra Chnoc Bréanainn é.
(Sliocht ó 'Joe Daly anso sa Chúinne' le Joe Daly in eagar ag Pádraig Seosamh Ó Dálaigh)

**Cór ó Mheirceá**
Beidh ceolchoirm ag cór Fairfield County Children's Choir ó Chonnecticut i Séipéal Naomh Muire sa Daingean, Déardaoin seo chugainn, 25 Meitheamh ar a 7.00in. Saorchead isteach.

**Ciste an Pharóiste €880.00**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie